



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

CUNTASAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL (400 marc)

DÉ LUAIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go 5.00

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhir 1- 4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhir 5 -7). Tá 100 marc ar gach ceist.

Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamhain

Is ceadmhach áireamhain a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a freagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart.

ROINN 1 (120 marc)
Freagair **Ceist 1 NÓ DHÁ** cheist ar bith eile

1. Cuntais Chríochnaitheacha Cuideachta agus Cuntas Déantúsaíochta san áireamh

Tá Caipiteal Údaraithe de €800,000 ag Blenheim Tta, gnólacht déantúsaíochta, atá roinnte ina 500,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 300,000 Scair Thosaíochta 6% ar €1 an ceann.

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as a leabhair ar 31/12/2008:

	€	€
Foirgnimh Mhonarchan (costas €525,000)	480,000	
Gléasra agus Innealra (costas €280,000)	150,000	
Lascaine (Glan)		3,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 1/1/2008		75,400
Stoic ar láimh 1/1/2008		
Earraí Críochnaithe	84,500	
Amhábhair	45,000	
Obair idir lámha	21,250	
Díolacháin		1,085,000
Paitinní	60,000	
Carraireacht amhábhair	6,300	
Fruiliú trealamh speisialta	10,000	
Ceannach amhábhair	480,250	
Díbhinní íoctha	40,000	
Díol dramhábhair		4,500
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	64,500	55,600
Banc		10,300
Pá Díreach Monarchan	252,460	
Speansais Díola	105,165	
Bintiúir 9% (€60,000 eisithe ar 1/4/2008 san áireamh)		90,000
Scairchaipiteal Eisithe – Gnáthscaireanna		350,000
– Scaireanna Tosaíochta 6%		200,000
Forchostais Ghinearálta Mhonarchan	60,200	
CBL		8,400
Ús bintiúir íoctha don chéad 3 mhí	175	
Speansais Riaracháin (Fionraí san áireamh)	22,400	
	<u>1,882,200</u>	<u>1,882,200</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Stoic ar láimh ar 31/12/2008: Earraí críochnaithe €90,000
Amhábhair €49,000
Obair idir lámha €26,450
- Cuimsíonn an figiúr d'earraí críochnaithe earraí a chosain €5,000 lena dtáirgeadh, ach a bhfuil luach díolacháin €3,000 anois orthu.
- (ii) Tá na paitinní á ndíscríobh thar 6 bliana a thosaigh sa bhliain 2006.
- (iii) San áireamh san fhiúir le haghaidh díolachán amhábhair tá €800 a fuarthas as seanmheaisín a dhíol ar 1/9/2008. Chosain an meaisín sin €9,000 ar 1/4/2005. Iontráladh an seic sa chuntas bainc. Ba é sin an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair.
- (iv) Tarlaíonn figiúr an fhionraí toise gur iontráladh lascaine €200 a lamháladh sa chuntas lascaine amháin agus gur breacadh figiúr mícheart sa chuntas úis le haghaidh an úis bhintiúir a íocadh. Iontráladh an t-ús ceart sa chuntas bainc.
- (v) Ba chóir drochfhiach €500 a dhíscríobh agus ba chóir soláthar in aghaidh drochfhiach a dhéanamh ag 5% d'fhéichiúnaithe.
- (vi) Tugadh faoi deara gur cuireadh earraí, a chosain €6,500 ar an ngnólacht lena dtáirgeadh, chuig custaiméir ar bhonn díola agus aischuir. Gearradh costas móide 20% go hearráideach ar an gcustaiméir as na hearraí sin.
- (vii) Le linn 2008, chuir Blenheim Tta síneadh leis stóras. Rinne fostaithe na cuideachta féin an obair sin. Tá costas an tsaothair, €17,000, san áireamh i bpá na monarchan. Tógadh na hábhair thógála, a chosain €33,000, ó na stoic. Ní dheanadh iontráil ar bith sna leabhair maidir leis an síneadh seo.
- (viii) Déantar soláthar in aghaidh dímhéasa ar Shócmhainní Seasta mar seo a leanas:
Foirgnimh Mhonarchan – 2% den chostas ar 31/12/2008
Gléasra agus Innealra – 20% den chostas sa bhliain ón dáta ar ceannaíodh iad go dtí an dáta ar díoladh iad.
Ag deireadh 2008 rinne an chuideachta na foirgnimh a athluacháil ag €600,000.
- (ix) Tá na Stiúrthóirí ag moladh:
1. Gur chóir soláthar a dhéanamh d'Ús Bintiúir dlite.
2. Gur chóir soláthar a dhéanamh do Cháin Chorparáideach €8,000.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- (a) Cuntas Déantúsaíochta, Trádála, Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2008. (75)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2008. (45)

(120 marc)

2. Ráiteas Táblach

Léirítear staid airgeadais Yeats Tta ar 1/1/2008 sa chlár comhardaithe seo a leanas:

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 1/1/2008

	Costas	Dímheas	Glan
	€	go dáta	€
	€	€	€
Sócmhainní Seasta			
Cáilmheas (costas €45,000)			35,000
Talamh agus foirgnimh	660,000	52,800	607,200
Veaineanna seachadta	<u>80,000</u>	<u>32,000</u>	<u>48,000</u>
	<u>740,000</u>	<u>84,800</u>	690,200
Sócmhainní Reatha			
Stoc	88,700		
Árachas réamhíochta	1,400		
Féichiúnaithe	<u>57,100</u>	147,200	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bliain amháin			
Creidiúnaithe	79,600		
Banc	14,300		
Pá dlite	<u>3,500</u>	<u>97,400</u>	<u>49,800</u>
			<u>740,000</u>
Maoinithe ag:			
Caipiteal agus Cúlchistí			
Údaraithe – 800,000 gnáthscair @ €1 an ceann			
Eisithe – 500,000 gnáthscair @ €1 an ceann		500,000	
Scairphréimh		100,000	
Iarmhéid brabúis agus cailteanais		<u>140,000</u>	<u>740,000</u>
			<u>740,000</u>

Tharla na bearta seo a leanas le linn 2008:

- Ean Cheannaigh Yeats Tta gnólacht in aice láimhe ar 1/1/2008. San áireamh bhí foirgnimh €260,000, veaineanna seachadta €52,000 agus creidiúnaithe €38,000. Íocadh an praghas ceannaigh trí 250,000 scair in Yeats Tta a thabhairt don díoltóir ar bhiseach 20c an scair.
- Feabh Ghlac creidiúnaí a raibh €8,800 dlite dó ag Yeats Tta le veain seachadta, a raibh luach €9,000 uirthi de réir na leabhar, mar lánghlanadh na bhfiach. Ba é costas an veain ná €14,000.
- Már Fuarthas ráiteas bainc ar 1 Márta a léirigh dochar díreach €9,600 chun árachas dóiteáin a chumhdach don bhliain dar chríoch 28/2/2009 agus aistriú creidmheasa de €7,700 chun cíos 11 mhí a chumhdach a bhí infhaighte roimh ré ó 1 Márta.
- Aib Shocraigh Yeats Tta an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar 1/4/2008 ag €970,000, a chuimsíonn talamh a bhfuil luach €140,000 anois air.
- Iúil Trádáladh isteach veain seachadta, a raibh costas €15,000 air, in aghaidh veain nua a raibh costas €24,000 air. Rinneadh lamháltas de €4,500 i leith na seanveain. Bhí dímheas go dáta de €12,000 ar an tseanveain.
- Lún Fuarthas íocaíocht de €1,750 ó S. Ó Briain, féichiúnaí, a díscríobhadh a fhiach cheana agus a dteastaíonn uaidh anois trádáil le Yeats Tta arís. Is ionann sin agus 70% den chéad fhiach agus tá geallta ag an Uasal Ó Briain an chuid eile den fhiach a íoc i mí Eanáir 2009. Ar an lá céanna díoladh earraí arbh fhiú €500 iad leis an Uasal Ó Briain ar cairde. Seo ardú marcála de 25%.
- Noll Tá dímheas le déanamh ar na foirgnimh de réir ráta 2% dá gcostas sa bhliain ar 1/4/2008. Ba é an muirear dímheasa don bhliain ar veaineanna seachadta ná €25,400.

Iarrtar ort é seo a leanas a dhéanamh:

An tionchar a bhí ag gach ceann de na bearta thuas ar an tsócmhainn ábhartha agus ar an dliteanas ábhartha a thaifead ar ráiteas táblach, agus na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 31/12/2008 a aimsiú.

(60 marc)

3. Athluacháil ar Shócmhainní Seasta

Ar 1 Eanáir 2004 bhí foirgnimh ruilse i seilbh Lyons Tta a chosain €290,000 agus talamh in aice láimhe a chosain €210,000. Déanann an chuideachta dímheas ar a cuid foirgneamh de réir ráta 2% sa bhliain leis an modh dronlíneach. Is é polasaí na cuideachta dímheas bliana iomláine a chur i bhfeidhm sa bhliain inar glacadh seilbh ar mhaoín agus gan aon dímheas i mbliain a diúscartha. Ceannaíodh an mhaoín seo ar 1/1/2000 agus gearradh dímheas in aghaidh brabúis i ngach ceann de na ceithre bliana sin (ní dhéantar aon dímheas ar thalamh).

Baineadh na sonraí seo a leanas as leabhair an ghnólachta:

- Ean 1 2004 Rinneadh athluacháil ar an talamh agus ar na foirgnimh ag €600,000. Bhain €240,000 den athluacháil seo leis an talamh.
- Ean 1 2005 Díoladh ar €280,000 talamh a chosain €210,000 ach a ndearnadh athluacháil air ina dhiaidh sin ar 1/1/2004.
- Ean 1 2006 Ceannaíodh foirgnimh ar €400,000. Le linn na bliana 2006, íocadh €150,000 le conraitheoir foirgníochta as síneadh a chuir leis na foirgnimh a ceannaíodh tamall gearr roimhe sin. D'oibrigh fostaithe na cuideachta féin ar an síneadh freisin agus d'íoc Lyons Tta pá iomlán €50,000 leo as an obair sin.
- Ean 1 2007 Rinneadh athluacháil ar na foirgnimh a bhí i seilbh na cuideachta ag €1,056,000 (méadú 10% i dtaca le gach foirgneamh).
- Ean 1 2008 Díoladh na foirgnimh a bhí i seilbh na cuideachta ar 1/1/2004 ar €420,000. Rinneadh athluacháil ar an gcuid eile de na foirgnimh ag €750,000.

Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh:

- (a) Na cuntais mhórleabhair ábhartha a ullmhú i dtaca leis na bearta thuas do na blianta dar chríoch 31 Nollaig 2004 go 31 Nollaig 2008.
(Níl Cuntas Bainc agus Cuntas Brabúis agus Cailteanais ag teastáil) (55)
- (b) Taispeáin sliocht ábhartha as an gClár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2008. (5)

(60 marc)

4. Cuntais Feirme

Ar shócmhainní agus ar dhliteanais Pheadair agus Áine de Barra, a bhfuil gnólacht feirmeoireachta measctha ar siúl acu, ar 1/1/2008 tá: Talamh agus Foirgnimh ar chostas €510,000; Innealra ar chostas €90,000; Leictreachas dlite €450; Luach eallaigh €80,000; Seic bainne dlite €2,600; Stoc Breosla €850 agus Luach Caorach €20,000.

Is achoimre é seo a leanas a baineadh as a gcuid íocaíochtaí seic agus as a leabhair lóisteála don bhliain dar chríoch 31/12/2008.

Lóisteálacha	€	Íocaíochtaí Seic	€
Iarmhéid 1/1/2008	33,100	Leasachán	2,500
Bainne	29,000	Speansais ghinearálta feirme	13,200
Caoirigh	24,000	Pá déirí	2,000
Eallach	16,000	Caoirigh	20,000
Uain	14,300	Eallach	15,000
Laonna	6,100	Solas, teas agus breosla	3,600
Íocaíocht Aonair – Caoirigh	2,500	Innealra	7,000
Íocaíocht Aonair – Eallach	3,000	Deisiúcháin	6,600
Ollann	1,400	Táillí Tréidliachta agus cógais	1,850
Préimh fhraoiseachta	1,900	Iasacht bhainc móide ús 18 mí de réir	
Ús sé mhí ó Bhanna		4% sa bhliain ar 30/4/2008	9,540
Infheistíochta 3%	900	Iarmhéid 31/12/2008	50,910
	<u>€132,200</u>		<u>€132,200</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- | | Eallach | Caoirigh |
|--|----------------|-----------------|
| (i) Luach Beostoic ar 31/12/2008: | €84,000 | €23,000 |
| (ii) Táirgí feirme a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana – Bainne €900; Uaineoil €500. | | |
| (iii) Tá speansais ghinearálta feirme, leasachán, agus táillí tréidliachta agus cógais le cionroinnt sa chóimheas 70% do 'Eallach agus Bainne' agus 30% do 'Caoirigh'. | | |
| (iv) Tá speansais eile le cionroinnt sa chóimheas 80% don fheirm agus 20% don teaghlach. | | |
| (v) Tá soláthar le déanamh do dhímheas orthu seo a leanas:
Innealra de réir 10% den chostas sa bhliain.
Talamh agus Foirgnimh de réir 2% sa bhliain. (Chosain an talamh €300,000.) | | |
| (vi) Cuimsíonn táillí tréidliachta agus cógais seic d'árachas sláinte an teaghlaigh ar €1,100. | | |
| (vii) Ar 31/12/2005 bhí seic Bainne €1,600 dlite, bhí €500 dlite do Chreidiúnaithe ar leasachán agus b'fhiú €600 an Stoc Breosla. | | |

Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh:

- (a) Ráiteas Caipitil a ullmhú don fheirm ar 1/1/2008. (20)
- (b) Cuntas Anailíse Fiontair a ullmhú do 'Eallach agus Bainne' agus 'Caoirigh' don bhliain dar chríoch 31/12/2008. (20)
- (c) Cuntas ginearálta Brabúis agus Cailteanais a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2008. (12)
- (d) (i) Cé acu cuntas, seachas tarraingtí, a bhfuil tionchar ag "táirgí feirme a d'úsáid an teaghlach" air? Mínigh do fheagra. (8)
- (ii) Cuntas Tarraingtí Mhuintir de Barra a ullmhú. (8)

(60 marc)

ROINN 2 (200 marc)
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

5. Léirmhíniú ar Chuntais

Baineadh na figiúirí seo a leanas as Cuntais Chríochnaitheacha Watson cpt, déantóir i dtionscal na foirgníochta, don bhliain dar chríoch 31/12/2008. Tá caipiteal údaraithe de €600,000 ag an gcuideachta atá comhdhéanta de 500,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 100,000 scair thosaíochta 6% ar €1 an ceann. Tá 450,000 gnáthscair eisithe cheana féin ag an gcuideachta agus gach ceann de na scaireanna tosaíochta 6%.

Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2008

	€
Díolacháin	980,000
Costas earraí díolta	(785,000)
Speansais oibriúcháin don bhliain	(125,000)
Ús	<u>(25,000)</u>
Glanbhrabús don bhliain	45,000
Díbhinní íoctha	<u>(37,000)</u>
Brabús Coinnithe	8,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 1/1/2008	<u>40,000</u>
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 31/12/2008	<u>48,000</u>

Cóimheasa agus eolas don bhliain dar chríoch 31/12/2007

Tuilleamh an Ghnáthscair	19.05c
Díbhinn an Ghnáthscair	12.7c
Cumhdach úis	4 huaire
Mear-chóimheas	0.98 le 1
Toradh ar Chaipiteal in úsáid	10.6%
Luach na Gnáthscaire ar an Margadh	€1.30
Giaráil	34%

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2008

	€	€
Sócmhainní Seasta		670,000
Infheistíochtaí (Luach ar an margadh 31/12/2008 – €140,000)		<u>190,000</u>
		860,000
Sócmhainní Reatha (Stoc €29,500 agus Féichiúnaithe €100,000 san áireamh)	147,000	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin		
Creidiúnaithe Trádála	(159,000)	<u>(12,000)</u>
		<u>848,000</u>
Maoinithe ag:		
Bintiúir 10% (urraithe 2012)		250,000
Caipiteal agus Cúlchistí		
Gnáthscaireanna @ €1 an ceann	450,000	
Scaireanna Tosaíochta 6% @ €1 an ceann	100,000	
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais	<u>48,000</u>	<u>598,000</u>
		<u>848,000</u>

Luach Gnáthscair amháin ar an margadh €1.20

Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2008:

- (a) (i) Díolacháin ar airgead síos más í an tréimhse chreidmheasa a thugtar d'fhéichiúnaithe ná 2 mhí
(ii) Toradh ar an gCaipiteal in úsáid
(iii) Tuilleamh an scair
(iv) An Toradh Díbhinne
(v) Cén t-achar ama a thógfadh sé ar Ghnáthscair amháin a luach ar an margadh a aisghabháil bunaithe ar an ráta íoctha faoi láthair? (45)
- (b) Luaigh cé acu a bheadh na gnáth-scairshealbhóirí sásta le feidhmiú, le staid reatha agus le hionchais na cuideachta. Bain úsáid as cóimheasa ábhartha agus as eolas eile mar thacaíocht le do fhreagra. (40)
- (c) Tar éis measúnú a dhéanamh ar Watson cpt, cén rud a chomhairleofá don chuideachta a dhéanamh? (15)

(100 marc)

6. Cuntais Fhoilsithe

Tá Caipiteal Údaraithe de €950,000 ag Stoidiaca Tta atá comhdhéanta de 650,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 300,000 Scair Thosaíochta 8% ar €1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as a chuid leabhar ar 31/12/2008.

	€	€
Feithiclí ar chostas	280,000	
Feithiclí – Dímheas carntha. ar 1/1/2008		112,000
Ioncam ó infheistíochtaí		5,600
Foirgnimh ar chostas	860,000	
Foirgnimh – Dímheas carntha ar 1/1/2008		52,800
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	243,000	191,000
Infheistíochtaí 7%	320,000	
Stoc ar 1/1/2008	81,000	
Paitinní ar 1/1/2008	28,000	
Speansais riaracháin	212,000	
Costais dáileacháin	198,000	
Ceannacháin agus Díolacháin	1,340,000	2,005,000
Ioncam ó chíos		48,000
Bintiúir 6% 2013/2014		300,000
Brabús ar thalamh a dhíol		72,000
Banc	62,900	
CBL		66,000
Díbhinní íoctha	72,000	
Brabús agus Caillteanas ar 1/1/2008		84,000
Caipiteal Eisithe		
Gnáthscaireanna		600,000
Scaireanna Tosaíochta		150,000
Soláthar in aghaidh drochfhiach		14,500
Ús bintiúir íoctha	15,000	
Ríchíosanna Paitinne		11,000
	<u>3,711,900</u>	<u>3,711,900</u>

Is eolas ábhartha é seo a leanas:

- (i) Stoc ar 31/12/2008 – €89,000
- (ii) Fuarthas an Phaitinn ar 1/1/2004 ar €84,000. Tá amúchadh á dhéanamh uirthi thar 6 bliana ina thráthchodanna cothroma. Tá an t-amúchadh le cur san áireamh i gcostas na ndíolachán.
- (iii) Déan soláthar d'ús bintiúir dlite, d'ús ar infheistíochtaí dlite, do tháillí iniúcháirí €7,400, do tháillí stiúrthóirí €40,000 agus do cháin chorparáideach €62,000.
- (iv) Tá soláthar le déanamh do dhímheas ar fhoirgnimh, de réir ráta 2% dronlíneach agus tá sé le cionroinnt sa chóimheas 40% do chostais dáileacháin agus 60% do speansais riaracháin. Níor ceannaíodh ná níor díoladh foirgneamh ar bith le linn na bliana. Tá dímheas le déanamh ar fheithiclí de réir 20% den chostas.
- (v) Le linn na bliana díoladh ar €132,000 talamh in aice le háitreabh na cuideachta a chosain €60,000. Ag deireadh na bliana d'athluacháil an chuideachta a cuid foirgneamh ar €950,000. Teastaíonn ón gcuideachta an luach seo a chomhshnaidhmeadh le cuntais na bliana seo.
- (vi) San áireamh sna speansais riaracháin tá fáltas de €17,000 le haghaidh lascaine.

Iarrtar ort:

- (a) An cuntas brabús agus caillteanais foilsithe a ullmhú don bhliain 31/12/2008 agus clár comhardaithe mar a bhí ar an dáta sin a ullmhú de réir Achtanna na gCuideachtaí agus de réir na gcaighdeán cuí cuntasaíochta, agus na nótaí seo a leanas a thaispeáint:
 1. Nóta polasaí cuntasaíochta do shócmhainní seasta inláimhsithe agus do stoc
 2. Brabús oibriúcháin
 3. Ús iníoctha
 4. Sócmhainní seasta inláimhsithe. (85)
- (b) (i) Luaigh trí mhír eolais nach mór a bheith san áireamh i dTuarascáil Stiúrthóirí.
(ii) Mínigh an téarma “mír eisceachtúil” agus tabhair sampla. (15)

(100 marc)

7. Taifid Neamhiomlána

Ar 1/1/2008, cheannaigh É. Mac an Úcaire gnólacht ar €400,000 agus bhí na sócmhainní inláimhsithe agus na dliteanais seo a leanas san áireamh ann: Áitreabh €292,000; Stoc €36,000; Féichiúnaithe €32,200; Rátaí 3 mhí réamhíochta €450; Trealamh €20,000; Creidiúnaithe Trádála €35,700; Pá Dlite €1,200 agus Infheistíochtaí 5% €50,000.

Níor choinnigh Mac an Úcaire sraith iomlán cuntas le linn 2008 ach measann sé gurbh ionann luach an ollbhrabúis agus 20% de na díolacháin agus bhí ar a chumas an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil ar 31/12/2008.

- (i) Gach seachtain thóg Mac an Úcaire earraí dar luach €80 as stoc agus airgead €170 le haghaidh speansais teaghlaigh.
- (ii) Ar 1/8/2008 fuair Mac an Úcaire €120,000 ar iasacht agus, chomh maith le €30,000 d'airgead pearsanta Mhic an Úcaire, baineadh úsáid as chun áitreabh in aice láimhe a cheannach. Comhaontaíodh go ndéanfaí an tsuim a fuarthas ar iasacht a aisíoc ina 20 tráthchuid chothrom leathbhliana. Tá an chéad tráthchuid dlite ar 1/2/2009. Bhí ús le gearradh de réir ráta 6% sa bhliain agus le híoc go míosúil ag deireadh gach míosa.
- (iii) Le linn na bliana lóisteáil Mac an Úcaire deontas AE €6,000 agus Ús ó Infheistíocht €2,500 i gcuntas bainc an ghnólachta.

Rinne Mac an Úcaire na híocaíochtaí seo a leanas ó chuntas bainc an ghnólachta le linn na bliana:

Solas agus Teas €7,500, Ús €2,000, Trealamh (a ceannaíodh ar 1/7/2008) €15,000, Veaineanna Seachadta (a ceannaíodh ar 1/9/2008) €30,000, Pá agus Speansais Ghinearálta €80,000, Rátaí do 12 mhí €7,000. Cuimsíonn an íocaíocht ar phá agus speansais ghinearálta bille artola €3,000 le haghaidh úsáid phríobháideach Mhic an Úcaire.

- (iv) Measann Mac an Úcaire gur chóir 20% de na rátaí *iníochta* don bhliain, 20% den solas agus den teas a *úsáideadh*, agus 25% den ús *iníochta* a chur i leith úsáid phríobháideach.
- (v) Tá socrú déanta ag Mac an Úcaire Soláthar in aghaidh Drochfhiach, arb ionann é agus 3% d'fhéichiúnaithe, a dhéanamh agus dímhias a ghearradh ar 15% sa bhliain ar na veaineanna seachadta agus ar 10% sa bhliain ar threalamh a bhí á choinneáil ar 31/12/2008.
- (vi) San áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais an ghnólachta ar 31/12/2008 bhí stoc €20,500 (a chuimsíonn stoc ola téite €300), féichiúnaithe €34,000, creidiúnaithe trádála €35,400, rótharraingt bhainc €5,400 agus leictreachas dlite €460.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú, mar aon leis an oibriú amach:

- (a) Ráiteas/Clár Comhardaithe a léiríonn brabús nó cailiteanas Mhic an Úcaire don bhliain dar chríoch 31/12/2008. (50)
- (b) Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailiteanais, leis an oiread sonraí agus is féidir, don bhliain dar chríoch 31/12/2008. (40)
- (c) Achoimre ar an gcomhairle a chuirfeá ar Mhac an Úcaire maidir leis an eolas atá tugtha thuas. (10)

(100 marc)

ROINN 3 (80 marc)
Freagair ceist AMHÁIN

8. Costáil Jab

Tá trí roinn in Mac Cormaic Tta – Próiseáil, Cóimeáil agus Críochnú. Baineann na costais seo a leanas leis an mbliain 2008.

	Iomlán	Próiseáil	Cóimeáil	Críochnú
	€	€	€	€
Ábhair Neamhdhíreacha	360,000	170,000	100,000	90,000
Saothar Neamhdhíreach	500,000	300,000	120,000	80,000
Cothabháil Meaisíní	28,000			
Dímheas ar Ghléasra	80,000			
Solas agus Teas	70,000			
Cíos agus Rátaí	64,000			
Ceaintín Monarchan	50,000			

Baineann an t-eolas seo a leanas leis na trí roinn.

	Iomlán	Próiseáil	Cóimeáil	Críochnú
Spás urláir ina m ²	16,000	8,000	5,000	3,000
Toirt ina m ³	42,000	24,000	12,000	6,000
Luach na monarchan de réir na leabhar	€500,000	€300,000	€150,000	€50,000
Uaireanta meaisín	80,000	40,000	30,000	10,000
Líon na bhfostaithe	100	60	30	10
Uaireanta saothair	140,000	80,000	35,000	25,000

Tá Jab Uimh. 510 críochnaithe anois díreach. Baineann na sonraí seo leis:

	Ábhair Dhíreacha	Saothar Díreach	Uaireanta Meaisín	Uaireanta Saothair
	€	€		
Próiseáil	10,000	2,000	60	50
Cóimeáil	2,400	4,600	30	90
Críochnú	-	800	6	12

Déanann an chuideachta buiséadú do chorrach brabúis de 25%.

Iarrtar ort:

- (a) An forchostas atá le hionsú ag gach roinn a ríomh agus an bonn cionranna a úsáideadh á lua go soiléir.
- (b) Ríomh ráta ionsúite forchostais oiriúnach do gach roinn.
- (c) Ríomh praghas díola Jab Uimh. 510.
- (d) (i) Mínigh cad is ciall le costas céimsheasta agus tabhair sampla.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá dhifríocht san fhócas idir cuntasaíocht Bhainistíochta agus cuntasaíocht Airgeadais.

(80 marc)

9. Buiséadú Airgid

Tá Ó Grianna Tta ag ullmhú chun dul i mbun gnó ar 1/1/2010 agus déanfaidh sé aon táirge amháin. Anseo thíos tá buiséad díolachán don chuideachta do na chéad 6 mhí de 2010.

Buiséad Díolachán

	Eanáir	Feabhra	Márta	Aibreán	Bealtaine	Meitheamh
Aonaid díolacháin	8,000	8,500	10,000	11,000	11,500	10,500
Ioncam ó dhíolacháin	€240,000	€255,000	€300,000	€330,000	€345,000	€315,000

(i) Is é patrún an bhailiúcháin airgid a bhfuiltear ag súil leis ó na díolacháin ná:

Custaiméirí Airgid Thirim 30% den ioncam ó dhíolacháin ar airgead síos.

Custaiméirí Creidmheasa Tiocfaidh 70% den ioncam ó dhíolacháin ó chustaiméirí creidmheasa. Íocfaidh na féichiúnaithe seo a gcuid billí, 50% sa mhí tar éis an díolacháin agus an chuid eile sa dara mí tar éis an díolacháin.

(ii) Tá 4 kg d'ábhar X, a chosnaíonn €1.50 an kg, ag teastáil don táirge.

(iii) Coinnítear stoic d'earraí críochnaithe ag 60% de riachtanas díolacháin na míosa dar gcionn.

(iv) Coinnítear dóthain stoic d'amhábhair, le haghaidh 10% de riachtanais na míosa dar gcionn, ina kg, ag deireadh gach míosa.

(v) Faightear cairde aon mhí amháin ó na soláthraithe.

(vi) Déanfar speansais an ghnólachta a shocrú mar seo a leanas:

Costais Ionchais Pá €20,000 sa mhí iníoctha de réir mar a thabhaítear é. Forchostais athraitheacha €5 an t-aonad, iníoctha de réir mar a thabhaítear iad. Forchostais sheasta (dímheas san áireamh) €29,000 sa mhí, iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.

Costais Chaipítíl Déanfar trealamh dar luach €30,000 a cheannach i mí Eanáir a mbeidh saol úsáideach de 5 bliana aige. Chun an ceannach seo a mhaoiniú gheofar iasacht €24,000 ar 10% sa bhliain. Tá ús le híoc go míosúil, ach ní thosófar ar aisíocaíochtaí na hiasachta caipítíl go dtí mí Iúil 2010.

Iarrtar ort:

(a) Buiséad Táirgthe a ullmhú do na ceithre mhí, Eanáir go hAibreán, 2010.

(b) Buiséad Ceannacháin Ábhar a ullmhú (ina aonaid agus ina €) do na ceithre mhí, Eanáir go hAibreán, 2010.

(c) Buiséad Airgid Thirim a ullmhú do na ceithre mhí, Eanáir go hAibreán, 2010.

(d) Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailteanais buiséadaithe a ullmhú do na ceithre mhí dar críoch 30/4/2010 (más é an costas buiséadaithe d'aonad earraí críochnaithe ná €20).

(e) Nóta a ullmhú ar na factóirí (gneithe) a chuir Ó Grainna Tta san áireamh chun teacht ar na díolacháin de 59,000 aonad a bhfuil (coinne) súil leo i rith na sé mhí de 2010.

(80 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán